RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2498 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Nollaig 2022

lena sonraítear míreanna teicniúla tacar sonraí an tsuirbhé shamplaigh i réimse an ioncaim agus na ndálaí maireachtála maidir le rochtain ar sheirbhísí de bhun Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 7(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a áirithiú go ndéanfar réimse an ioncaim agus na ndálaí maireachtála a chur chun feidhme go cruinn, ba cheart don Choimisiún míreanna teicniúla na dtacar sonraí maidir le rochtain ar sheirbhísí a shonrú.

(2) I réimse an ioncaim agus na ndálaí maireachtála, tugtar an fhaisnéis a cheanglaítear leis an Seimeastar Eorpach agus le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, go háirithe maidir le dáileadh ioncaim, leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta. Soláthraítear leis freisin faisnéis le haghaidh beartais éagsúla eile de chuid an Aontais a bhaineann le dálaí maireachtála agus leis an mbochtaineacht. Sa chomhthéacs sin, faisnéis mhionsonraithe maidir le rochtain ar sheirbhísí, go háirithe maidir le húsáid seirbhísí, inacmhainneacht, riachtanais nach bhfreastalaítear orthu agus na cúiseanna atá leis sin, ba cheart í a sholáthar don Choimisiún (Eurostat).

(3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach arna bhunú le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

San Iarscríbhinn, leagtar amach saintréithe teicniúla na dtacar sonraí i réimse an ioncaim agus na ndálaí maireachtála a mhéid a bhaineann leis na topaicí mionsonraithe 'Úsáid seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí cúraim agus seirbhísí le haghaidh maireachtáil neamhspleách', 'Inacmhainneacht seirbhísí', 'Riachtanais nach bhfreastalaítear orthu agus na cúiseanna atá leis sin' agus tagraíonn siad don mhéid seo a leanas:

(a) aitheantóir na hathróige;

(b) ainm na hathróige;

(c) lipéad agus cód na módúlachta;

(d) an t-aonad bailiúcháin;

(e) an tréimhse thagartha.

([1]) IO L 261I, 14.10.2019, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Saintréithe teicniúla na n-athróg

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód na módú-lachta	Lipéad na módúlachta	Aonad bailiúcháin	Tréimhse thagartha
Úsáid seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí cúraim agus seirbhísí le haghaidh maireachtáil neamhspleách					
HC190	Daoine sa teaghlach a bhfuil cuidiú de dhíth orthu mar gheall ar dhrochshláinte fhadtéarmach fhisiciúil nó mheabhrach, míchumas, nó seanaois	1	Tá	Teaghlach	Reatha
		2	Níl		
HC190_F	Daoine sa teaghlach a bhfuil cuidiú de dhíth orthu mar gheall ar dhrochshláinte fhadtéarmach fhisiciúil nó mheabhrach, míchumas, nó seanaois (bratach)	1	Líonta		
		-1	Ar iarraidh		
		-7	Neamhbhainteach (Níor bailíodh de réir cur chun feidhme an ‘pleanáil rollach ilbhliantúil’)		
HC200	Seirbhísí gairmiúla cúraim baile a fuarthas	1	Tá	Teaghlach	Reatha
		2	Níl		
HC200_F	Seirbhísí gairmiúla cúraim baile a fuarthas (bratach)	1	Bailithe trí shuirbhé/ agallamh		
		2	Bailithe ó shonraí riaracháin		
		3	Barúlach		
		4	Ní féidir foinse a dhéanamh amach		
		-1	Ar iarraidh		
		-2	Neamhbhainteach (níl cúram baile gairmiúil de dhíth ar aon duine sa teaghlach HC190 = 2)		
		-7	Neamhbhainteach (Níor bailíodh de réir cur chun feidhme an ‘pleanáil rollach ilbhliantúil’)		

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód na módú-lachta	Lipéad na módúlachta	Aonad bailiúcháin	Tréimhse thagartha
PC280	Minicíocht na húsáide a bhaintear as iompar poiblí	1	Go laethúil	Gach ball den teaghlach atá ann faoi láthair atá 16 bliana d'aois nó os a chionn nó an freagróir a roghnaíodh (i gcás inarb infheidhme)	Le 12 mhí anuas
		2	Gach seachtain (ní gach lá)		
		3	Gach mí (ní gach seachtain)		
		4	Níos lú ná uair sa mhí		
		5	Ní bhaintear úsáid as riamh		
PC280_F	Minicíocht na húsáide a bhaintear as iompar poiblí (bratach)	1	Bailithe trí shuirbhé/ agallamh		
		2	Bailithe ó shonraí riaracháin		
		3	Barúlach		
		4	Ní féidir foinse a dhéanamh amach		
		-1	Ar iarraidh		
		-3	Ní hé an freagróir a roghnaíodh é		
		-7	Neamhbhainteach (Níor bailíodh de réir cur chun feidhme an 'pleanáil rollach ilbhliantúil')		
PC310	Teidlíocht ar shochair dhífhostaíochta	1	Tá	Gach ball den teaghlach atá ann faoi láthair atá 16 bliana d'aois nó os a chionn nó an freagróir a roghnaíodh (i gcás inarb infheidhme)	Reatha
		2	Níl		
		3	Ní fios		

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód na módú-lachta	Lipéad na módúlachta	Aonad bailiúcháin	Tréimhse thagartha
PC310_F	Teidlíocht ar shochair dhífhostaíochta (bratach)	1	Bailithe trí shuirbhé/ agallamh		
		2	Bailithe ó shonraí riaracháin		
		3	Barúlach		
		4	Ní féidir foinse a dhéanamh amach		
		-1	Ar iarraidh		
		-2	Neamhbhainteach (Níl tú i d'fhostaí ná níl tú féinfhostaithe PL032 = 2,3,4,5,6,7,8)		
		-3	Ní hé an freagróir a roghnaíodh é		
		-7	Neamhbhainteach (Níor bailíodh de réir cur chun feidhme an 'pleanáil rollach ilbhliantúil')		
PC320	Teidlíocht ar shochair bhreoiteachta	1	Tá	Gach ball den teaghlach atá ann faoi láthair atá 16 bliana d'aois nó os a chionn nó an freagróir a roghnaíodh (i gcás inarb infheidhme)	Reatha
		2	Níl		
		3	Ní fios		

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód na módú-lachta	Lipéad na módúlachta	Aonad bailiúcháin	Tréimhse thagartha
PC320_F	Teidlíocht ar shochair bhreoiteachta (bratach)	1	Bailithe trí shuirbhé/ agallamh		
		2	Bailithe ó shonraí riaracháin		
			Barúlach		
		3	Ní féidir foinse a dhéanamh amach		
		4	Ar iarraidh		
		-1	Neamhbhainteach (Níl tú i d'fhostaí ná níl tú féinfhostaithe PL032 = 2,3,4,5,6,7,8)		
		-2	Ní hé an freagróir a roghnaíodh é		
		-3	Neamhbhainteach (Níor bailíodh de réir cur chun feidhme an 'pleanáil rollach ilbhliantúil')		
PC330	Braitheann tú go ndéantar idirdhealú ort agus tú i dteagmháil le hoifigí riaracháin nó le seirbhísí poiblí (lena n-airítear ionad fostaíochta, seirbhísí sláinte agus sóisialta)	1	Ní raibh mé i dteagmháil le haon oifig riaracháin ná le haon seirbhís phoiblí	Gach ball den teaghlach atá ann faoi láthair atá 16 bliana d'aois nó os a chionn nó an freagróir a roghnaíodh (i gcás inarb infheidhme)	Le 12 mhí anuas
		2	Mar gheall ar aois go príomha (ró-óg/róshean)		
		3	Mar gheall ar ghnéas go príomha (fireann/ baineann/ neamhdhénártha)		
		4	Mar gheall ar mhíchumas nó fadhb sláinte fhadtéarmach go príomha		
		5	Mar gheall ar thionscnamh inimirceach nó eitneach go príomha		
		6	Mar gheall ar reiligiún/ creideamh go príomha (ROGHNACH)		
		7	Mar gheall ar ghnéaschlaonadh go príomha (ROGHNACH)		
		8	Mar gheall ar chúis eile go príomha		
		9	Níor bhraith mé go ndearnadh idirdhealú orm		

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód na módú-lachta	Lipéad na módúlachta	Aonad bailiúcháin	Tréimhse thagartha
PC330_F	Braitheann tú go ndéantar idirdhealú ort agus tú i dteagmháil le hoifigí riaracháin nó le seirbhísí poiblí (lena n-áirítear ionad fostaíochta, seirbhísí sláinte agus sóisialta) (bratach)	1	Líonta		
		-1	Ar iarraidh		
		-3	Ní hé an freagróir a roghnaíodh é		
		-7	Neamhbhainteach (Níor bailíodh de réir cur chun feidhme an 'pleanáil rollach ilbhliantúil')		
PC340	Braitheann tú go ndéantar idirdhealú ort agus tithíocht á lorg agat	1	Ní raibh tithíocht á lorg agam	Gach ball den teaghlach atá ann faoi láthair atá 16 bliana d'aois nó os a chionn nó an freagróir a roghnaíodh (i gcás inarb infheidhme)	Le 5 bliana anuas
		2	Mar gheall ar aois go príomha (ró-óg/róshean)		
		3	Mar gheall ar ghnéas go príomha (fireann/ baineann/ neamhdhénártha)		
		4	Mar gheall ar mhíchumas nó fadhb sláinte fhadtéarmach go príomha		
		5	Mar gheall ar thionscnamh inimirceach nó eitneach go príomha		
		6	Mar gheall ar reiligiún/ creideamh go príomha (ROGHNACH)		
		7	Mar gheall ar ghnéaschlaonadh go príomha (ROGHNACH)		
		8	Mar gheall ar chúis eile go príomha		
		9	Níor bhraith mé go ndearnadh idirdhealú orm		
PC340_F	Braitheann tú go ndéantar idirdhealú ort agus tithíocht á lorg agat (bratach)	1	Líonta		
		-1	Ar iarraidh		
		-3	Ní hé an freagróir a roghnaíodh é		
		-7	Neamhbhainteach (Níor bailíodh de réir cur chun feidhme an 'pleanáil rollach ilbhliantúil')		

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód na módú-lachta	Lipéad na módúlachta	Aonad bailiúcháin	Tréimhse thagartha
PC350	Braitheann tú go ndéantar idirdhealú ort san oideachas	1	Ní raibh mé i mo mhac léinn ná i mo thuismitheoir mic léinn (le 12 mhí anuas)	Gach ball den teaghlach atá ann faoi láthair atá 16 bliana d'aois nó os a chionn nó an freagróir a roghnaíodh (i gcás inarb infheidhme)	Le 12 mhí anuas
		2	Mar gheall ar aois go príomha (ró-óg/róshean)		
		3	Mar gheall ar ghnéas go príomha (fireann/ baineann/ neamhdhénártha)		
		4	Mar gheall ar mhíchumas nó fadhb sláinte fhadtéarmach go príomha		
		5	Mar gheall ar thionscnamh inimirceach nó eitneach go príomha		
		6	Mar gheall ar reiligiún/ creideamh go príomha (ROGHNACH)		
		7	Mar gheall ar ghnéaschlaonadh go príomha (ROGHNACH)		
		8	Mar gheall ar chúis eile go príomha		
		9	Níor bhraith mé go ndearnadh idirdhealú orm		
PC350_F	Braitheann tú go ndéantar idirdhealú ort san oideachas (bratach)	1	Líonta		
		-1	Ar iarraidh		
		-3	Ní hé an freagróir a roghnaíodh é		
		-7	Neamhbhainteach (Níor bailíodh de réir cur chun feidhme an 'pleanáil rollach ilbhliantúil')		

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód na módú-lachta	Lipéad na módúlachta	Aonad bailiúcháin	Tréimhse thagartha
PC360	Braitheann tú go ndéantar idirdhealú ort i spásanna poiblí (siopa, caifé, bialann, saoráidí fóillíochta etc.)	1	Mar gheall ar aois go príomha (ró-óg/róshean)	Gach ball den teaghlach atá ann faoi láthair atá 16 bliana d'aois nó os a chionn nó an freagróir a roghnaíodh (i gcás inarb infheidhme)	Le 12 mhí anuas
		2	Mar gheall ar ghnéas go príomha (fireann/ baineann/ neamhdhénártha)		
		3	Mar gheall ar mhíchumas nó fadhb sláinte fhadtéarmach go príomha		
		4	Mar gheall ar thionscnamh inimirceach nó eitneach go príomha		
		5	Mar gheall ar reiligiún/ creideamh go príomha (ROGHNACH)		
		6	Mar gheall ar ghnéaschlaonadh go príomha (ROGHNACH)		
		7	Mar gheall ar chúis eile go príomha		
		8	Níor bhraith mé go ndearnadh idirdhealú orm		
PC360_F	Braitheann tú go ndéantar idirdhealú ort i spásanna poiblí (siopa, caifé, bialann, saoráidí fóillíochta etc.) (bratach)	1	Líonta		
		-1	Ar iarraidh		
		-3	Ní hé an freagróir a roghnaíodh é		
		-7	Neamhbhainteach (Níor bailíodh de réir cur chun feidhme an 'pleanáil rollach ilbhliantúil')		
Inacmhainneacht seirbhísí					
HC221	Íocaíocht as seirbhísí gairmiúla cúraim baile	1	Íoctha go hiomlán ag árachas sláinte príobháideach, árachas sláinte poiblí nó ag brainsí cosanta sóisialta eile	Teaghlach	Le 12 mhí anuas
		2	Íoctha go páirteach ag an úsáideoir/teaghlach		
		3	Íoctha go hiomlán ag an úsáideoir/teaghlach		
		4	Ní fios		

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód na módú-lachta	Lipéad na módúlachta	Aonad bailiúcháin	Tréimhse thagartha
HC221_F	Íocaíocht as seirbhísí gairmiúla cúraim baile (bratach)	1	Bailithe trí shuirbhé/ agallamh		
		2	Bailithe ó shonraí riaracháin		
		3	Barúlach		
		4	Ní féidir foinse a dhéanamh amach		
		-1	Ar iarraidh		
		-2	Neamhbhainteach (Níor úsáideadh seirbhísí cúraim baile HC200 = 2)		
		-7	Neamhbhainteach (Níor bailíodh de réir cur chun feidhme an ‘pleanáil rollach ilbhliantúil’)		
HC230	Inacmhainneacht seirbhísí gairmiúla cúraim baile	1	An-deacair	Teaghlach	Le 12 mhí anuas
		2	Deacair		
		3	Cineál deacair		
		4	Sách éasca		
		5	Éasca		
		6	An-éasc		
HC230_F	Inacmhainneacht seirbhísí gairmiúla cúraim baile (bratach)	1	Líonta		
		-1	Ar iarraidh		
		-2	Neamhbhainteach (Níor úsáideadh seirbhísí cúraim baile HC200 = 2 nó HC221 = 1)		
		-7	Neamhbhainteach (Níor bailíodh de réir cur chun feidhme an ‘pleanáil rollach ilbhliantúil’)		

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód na módú-lachta	Lipéad na módúlachta	Aonad bailiúcháin	Tréimhse thagartha
HC300	Ualach airgeadais an iompair phoiblí	1	Ualach trom	Teaghlach	Le 12 mhí anuas
		2	Tá ualach éigin ann		
		3	Níl aon ualach ann		
		4	Níor bhain aon duine sa teaghlach úsáid as iompar poiblí		
HC300_F	Ualach airgeadais an iompair phoiblí (bratach)	1	Líonta		
		-1	Ar iarraidh		
		-7	Neamhbhainteach (Níor bailíodh de réir cur chun feidhme an ‘pleanáil rollach ilbhliantúil’)		
RC370	Íocaíocht as seirbhísí cúraim leanaí fhoirmiúil	1	Tá	Gach ball den teaghlach nach bhfuil os cionn 12 bhliain d’aois	Le 12 mhí anuas
		2	Ní		
RC370_F	Íocaíocht as seirbhísí cúraim leanaí fhoirmiúil (bratach)	1	Bailithe trí shuirbhé/ agallamh		
		2	Bailithe ó shonraí riaracháin		
		3	Barúlach		
		4	Ní féidir foinse a dhéanamh amach		
		-1	Ar iarraidh		
		-2	Neamhbhainteach (níl sé idir 0-12 bhliain d’aois)		
		-4	Neamhbhainteach (níor úsáideadh seirbhísí cúraim leanaí fhoirmiúil RL030 = 0 agus RL040 = 0)		
		-7	Neamhbhainteach (Níor bailíodh de réir cur chun feidhme an ‘pleanáil rollach ilbhliantúil’)		

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód na módú-lachta	Lipéad na módúlachta	Aonad bailiúcháin	Tréimhse thagartha
HC040	Inacmhainneacht seirbhísí cúraim leanaí fhoirmiúil	1	An-deacair	Teaghlach	Le 12 mhí anuas
		2	Deacair		
		3	Cineál deacair		
		4	Sách éasca		
		5	Éasca		
		6	An-éasca		
HC040_F	Inacmhainneacht seirbhísí cúraim leanaí fhoirmiúil (bratach)	1	Líonta		
		-1	Ar iarraidh		
		-2	Neamhbhainteach (níl aon leanbh idir 0 agus 12 bhliain d'aois sa teaghlach)		
		-4	Neamhbhainteach (níor úsáideadh seirbhísí cúraim leanaí fhoirmiúil RL030 = 0 agus RL040 = 0 nó RC370 = 2)		
		-7	Neamhbhainteach (Níor bailíodh de réir cur chun feidhme an 'pleanáil rollach ilbhliantúil')		
Riachtanais nach bhfreastalaítear orthu agus na cúiseanna atá leis sin					
HC240	Riachtanais nach bhfreastalaítear orthu maidir le seirbhísí gairmiúla cúraim baile	1	Tá	Teaghlach	Reatha
		2	Níl		
HC240_F	Riachtanais nach bhfreastalaítear orthu maidir le seirbhísí gairmiúla cúraim baile (bratach)	1	Líonta		
		-1	Ar iarraidh		
		-2	Neamhbhainteach (ní raibh cúram baile de dhíth ar aon duine sa teaghlach HC190 = 2)		
		-7	Neamhbhainteach (Níor bailíodh de réir cur chun feidhme an 'pleanáil rollach ilbhliantúil')		

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód na módú-lachta	Lipéad na módúlachta	Aonad bailiúcháin	Tréimhse thagartha
HC250	An phríomhchúis nach bhfuair tú (níos mó) seirbhísí gairmiúla cúraim baile	1	Níl sé d'acmhainn agam	Teaghlach	Reatha
		2	Diúltaithe ag an duine a bhfuil seirbhísí den sórt sin de dhíth air		
		3	Níl seirbhísí cúraim den sórt sin ar fáil		
		4	Níl cáilíocht na seirbhísí atá ar fáil sásúil		
		5	Cúiseanna eile		
HC250_F	An phríomhchúis nach bhfuair tú (níos mó) seirbhísí gairmiúla cúraim baile (bratach)	1	Líonta		
		-1	Ar iarraidh		
		-2	Neamhbhainteach (HC240 = 2)		
		-7	Neamhbhainteach (Níor bailíodh de réir cur chun feidhme an 'pleanáil rollach ilbhliantúil')		
RC380	Riachtanais nach bhfreastalaítear orthu maidir le seirbhísí cúraim leanaí fhoirmiúil	1	Tá	Gach ball den teaghlach nach bhfuil os cionn 12 bhliain d'aois	Reatha
		2	Níl		
RC380_F	Riachtanais nach bhfreastalaítear orthu maidir le seirbhísí cúraim leanaí fhoirmiúil (bratach)	1	Líonta		
		-1	Ar iarraidh		
		-2	Neamhbhainteach (níl sé idir 0-12 bhliain d'aois)		
		-7	Neamhbhainteach (Níor bailíodh de réir cur chun feidhme an 'pleanáil rollach ilbhliantúil')		

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód na módú-lachta	Lipéad na módúlachta	Aonad bailiúcháin	Tréimhse thagartha
RC390	An phríomhchúis nár baineadh úsáid (níos mó) as seirbhísí cúraim leanaí fhoirmiúil	1	Níl sé d'acmhainn agam	Gach ball den teaghlach nach bhfuil os cionn 12 bhliain d'aois	Reatha
		2	Ní raibh aon áit ar fáil		
		3	Bhí áiteanna ar fáil, ach ní raibh áiteanna ar fáil in aice láimhe		
		4	Bhí áiteanna ar fáil, ach ní raibh na huaireanta oscailte oiriúnach		
		5	Bhí áiteanna ar fáil, ach ní raibh cáilíocht na seirbhísí sásúil		
		6	Cúiseanna eile		
RC390_F	An phríomhchúis nár baineadh úsáid (níos mó) as seirbhísí cúraim leanaí fhoirmiúil (bratach)	1	Líonta		
		-1	Ar iarraidh		
		-2	Neamhbhainteach (níl sé idir 0-12 bhliain d'aois)		
		-4	Neamhbhainteach (níl aon riachtanas ann nach bhfreastalaítear air RC380 = 2)		
		-7	Neamhbhainteach (Níor bailíodh de réir cur chun feidhme an 'pleanáil rollach ilbhliantúil')		
PC290	An phríomhchúis nach mbaintear úsáid rialta as iompar poiblí	1	Róchostasach	Gach ball den teaghlach atá ann faoi láthair atá 16 bliana d'aois nó os a chionn nó an freagróir a roghnaíodh (i gcás inarb infheidhme)	Le 12 mhí anuas
		2	Níl aon iompar poiblí ar fáil sa cheantar		
		3	Tá an rochtain fhisiciúil ródheacair		
		4	Tá minicíocht na seirbhísí ró-íseal nó ní oireann na sceidil dom		
		5	Tá an t-am taistil rófhada		
		6	Ábhair imní maidir le sábháilteacht nó slándáil		
		7	Cúis eile		

Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód na módú-lachta	Lipéad na módúlachta	Aonad bailiúcháin	Tréimhse thagartha
PC290_F	An phríomhchúis nach mbaintear úsáid rialta as iompar poiblí (bratach)	1	Líonta		
		-1	Ar iarraidh		
		-2	Neamhbhainteach (PC280 = 1,2,3)		
		-3	Ní hé an freagróir a roghnaíodh é		
		-7	Neamhbhainteach (Níor bailíodh de réir cur chun feidhme an ‘pleanáil rollach ilbhliantúil’)		